

AN MAOIRSEOIR EORPACH AR CHOSAINT SONRAÍ

ÚDARÁS NEAMHSPLEÁCH COSANTA SONRAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

## 2021
## ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN

Tá tuilleadh eolais faoin MECS le fáil ar ár suíomh gréasáin ag edps.europa.eu

Is féidir clárú ar an suíomh gréasáin chun ár nuachtlitir a fháil.

Port Láirge, Éire – an Bhruiséil, an Bheilg: Trilateral Research Ltd, Vrije Universiteit Brussel, 2022
© Dearadh agus Grianghraif: Trilateral Research Ltd, MECS & an tAontas Eorpach
© An tAontas Eorpach, 2022

Is ceadmhach seo a atáirgeadh ach aitheantas a thabhairt don fhoinse.

Más mian leat úsáid a bhaint as grianghraif nó aon ábhar eile nach bhfuil faoi chóipcheart an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí, nó iad a atáirgeadh, ní mór cead a iarraidh go díreach ó na sealbhóirí cóipchirt.

PDF ISBN 978-92-9242-791-7 ISSN 1831-0648 doi: 10.2804/561082 QT-AB-22-001-GA-N
HTML ISBN 978-92-9242-798-6 ISSN 1831-0648 doi: 10.2804/609363 QT-AB-22-001-GA-Q

# RÉAMHRÁ

I mo ráiteas clabhsúir ag an gcomhdháil Ríomhairí, Cosanta Sonraí agus Príobháideachais in Eanáir 2021, chuir mé in iúl do na rannpháirtithe go raibh mé ag mothú dóchasach. Dóchasach go dtiocfaidh deireadh le huaigneas na dtréimhsí dianghlasála agus go mbeimid ar fad den tuairim go ndeachamar tríd na tréimhsí dianghlasála seo ar mhaithe lena chéile; go mbeidh an dlúthpháirtíocht a bhí eadrainn mar bhonn le sochaí níos láidre a chruthú; agus go mbeimid in ann cur leis an eispéireas comhroinnte seo amach anseo.

Agus na focail seo á scríobh agam, tá iarracht á déanamh agam smaoineamh ar an mbliain atá díreach caite, ach ag an am céanna tá sé deacair gan a bheith ag smaoineamh ar an am i láthair. I rith ainghníomhartha an chogaidh, agus tragóid na paindéime, tagann an bealach a dtugann dlúthpháirtíocht gach duine níos cóngaraí dá chéile chun solais agus cabhraíonn sé linn treabhadh linn i rith na dtréimhsí is dúshlánaí.

Ní de thaisme, glactar leis an dlúthpháirtíocht mar cheann de phríomhcholúin Straitéis MECS 2020-2024. Cúis bhróid dom gur gníomhartha a lean ár bhfocail in 2021. Tá an mhaoirseacht a dhéanaimid ar institiúidí, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí an Aontais Eorpaigh (institiúidí an AE) bunaithe ar an tuiscint go bhfuil ardchaighdeáin de chomhlíontacht dhlíthiúil i measc údaráis phoiblí an AE riachtanach chun a n-éifeachtacht a áirithiú. Is éard is riarachán éifeachtúil ann riarachán lena n-urramaítear an smacht reachta agus gníomhartha bunaithe ar an dlí, seachas mórthimpeall ar an dlí.

Tá an MECS tiomanta do thacú le hinstitiúidí an AE sa chomhthéacs sin. Ábhar sásaimh dúinn a thabhairt faoi deara, mar atá cruthaithe ag cianchigireachtaí, treoirlínte agus oiliúint, an leibhéal ard comhlíonta, tríd is tríd, le prionsabail chosanta sonraí maidir leis na bearta a cuireadh i gcrích chun dul i ngleic leis an bpaindéim.

Ba cheart glacadh le Cinneadh MECS ordú a thabhairt do Europol tacair sonraí nach bhfuil aon nasc bunaithe acu le gníomhaíocht choiriúil a scriosadh i gcomhthéacs ár n-urraim don smacht reachta agus don chóras aibí srianta agus ceartúchán. Is mian leis an MECS a áirithiú go mbeidh institiúidí láidre ag feidhmiú san AE. Ní féidir an láidreacht sin a bhunú, áfach, ach ar chomhlíonadh iomlán an tsainordaithe a chuireann reachtóir an AE ar fáil dóibh. Ní eascróidh torthaí as aon bhunús eile san fhadtéarma.

I réimse na comhairle beartais, i measc na samplaí atá luaite i dTuarascáil Bhliantúil 2021, tá fianaise ar ár n-iarrachtaí le fáil sna

Tuairimí a chuireamar ar fáil maidir le tionscnamh roinnt reachtóirí AE a raibh tionchar acu ar shonraí pearsanta daoine aonair a chosaint, cosúil leis an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha nó an Ionstraim um Margaí Digiteacha. Tá ár dTuairimí bunaithe ar an tuiscint gurb ionann na sonraí arna nginiúint san Eoraip agus luach do chuideachtaí agus do dhaoine aonair Eorpacha, agus go bpróiseáiltear iad de réir luachanna Eorpacha, chun todhchaí dhigiteach níos sábháilte a mhúnlú.

Ó thráth a bhunaithe tá an MECS ag feidhmiú mar institiúid a chuireann níos mó ná tírdhreach institiúidí an AE san áireamh. Táimid tiomanta do rath an Aontais i réimse na gceart bunúsach chun príobháideachta agus cosanta sonraí. Ag féachaint i dtreo na todhchaí, creidimid go bhfuilimid freagrach as rath an RGCS freisin, leanamar ar aghaidh lenár rannpháirtíocht ghníomhach in obair an Bhoird Eorpaigh um Chosaint Sonraí, mar a léirítear sa líon tionscnamh a mholamar nó ar ghlacamar páirt iontu.

Thar aon ní eile, glacaimid leis gurb ionann an tAontas Eorpach agus pobal atá á shainiú bunaithe ar luachanna, seachas ar theorainneacha. I gcás an MECS, is ábhar spreagtha é an tuiscint seo chun dlús a chur lenár n-iarrachtaí.

Tá súil againn go dtarraingeofar níos mó airde ar an tuiscint seo ar fud an Aontais Eorpaigh.

Tiomnaím Tuarascáil Bhliantúil 2021 d’fhoireann MECS; táim fíorbhuíoch den fhoireann ar fad as an obair mhór atá curtha i gcrích acu.



**Wojciech Wiewiórowski**

An Maoirseoir Eorpach um Chosaint Sonraí



# BUAICPHOINTÍ 2021

Déantar cur síos sa chaibidil seo ar phríomhghníomhaíochtaí agus príomhéachtaí an MECS in 2021.

## 1.1. Aistrithe idirnáisiúnta sonraí pearsanta

Tar éis bhreithiúnas Schrems II Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, lean agus lainseáil an MECS gníomhaíochtaí agus tionscnaimh éagsúla faoi chreat Straitéis an MECS d'institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh (EUInna), chun breithiúnas "Schrems II" (Straitéis Schrems II an MEC), a foilsíodh ar an 29 Deireadh Fómhair 2020, a chomhlíonadh.

Is é aidhm na straitéise comhlíonadh EUInna leis an mbreithiúnas a bhaineann le haistrithe sonraí pearsanta lasmuigh den AE agus den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE), go háirithe Stáit Aontaithe Mheiriceá, a áirithiú agus a fhaire. Mar chuid den straitéis, táimid dírithe ar thrí chineál gníomhaíochta: imscrúduithe; údaruithe agus obair chomhairleach; agus treoir ghinearálta chun cabhrú le hinstitiúidí a ndualgas cuntasachta a chomhlíonadh.

Go háirithe, i mí Bealtaine 2021, lainseálamar dhá imscrúdú: imscrúdú amháin ar an úsáid a bhaintear as néalseirbhísí a chuireann Seirbhísí Gréasáin Amazon agus Microsoft ar fáil faoi chonarthaí Néal II de chuid EUInna, agus imscrúdú amháin faoin úsáid a bhaineann an Coimisiún Eorpach as Microsoft Office 365. Trí na himscrúduithe seo a dhéanamh, tá sé mar aidhm ag an MECS cabhrú le EUInna comhlíonadh cosanta sonraí a fheabhsú nuair a bhíonn conarthaí faoi chaibidlíocht acu lena soláthraí seirbhíse.

Ina theannta sin, d'eisíomar roinnt cinntí maidir le sonraí pearsanta a aistriú chuig tíortha nach bhfuil san AE/sa LEE. Tá ár gcinntí bunaithe ar mheasúnú ar cibé acu an dtugann nó nach dtugann na huirlisí atá beartaithe ag an EUI i gceist a úsáid chun sonraí pearsanta a aistriú lasmuigh den AE/de LEE leibhéal cosanta atá comhionann go bunúsach le sonraí pearsanta daoine aonair mar atá san AE/sa LEE.

Tá tuilleadh eolais maidir le hobair an MECS ar aistrithe sonraí pearsanta le fáil i gCaibidil 3 cuid 1: Aistrithe sonraí pearsanta chuig tíortha nach tíortha AE/LEE iad, agus Caibidil 3 cuid 6: Imscrúduithe an MECS.

## 1.2.
## COVID-19 agus cosaint sonraí, táimid ag leanúint lenár n-iarrachtaí

I rith 2021, lean an MECS le faireachán a dhéanamh ar phaindéim COVID-19 agus ar thionchar na paindéime ar chosaint sonraí trína thascfhórsa tiomnaithe COVID-19, a bunaíodh ar dtús in 2020. Le linn dúinn ár ról mar údarás cosanta sonraí EUInna agus mar fhostóir, tá treoirlínte curtha i dtoll a chéile againn, agus tá tionscnaimh eile forbartha againn chun tacú le EUInna a gcuid gníomhaíochtaí próiseála a chur i gcrích i rith na tréimhse seo.

De bhrí gur fhorbair EUInna straitéisí roimh fhilleadh ar an oifig, d'fhoilsíomar treoirlínte ar an 9 Lúnasa 2021 dar teideal, Filleadh ar an Áit Oibre agus scagadh EUInna ar imdhíonacht COVID nó stádas ionfhabhtaithe. I measc ár dtreoirlínte áirítear moltaí maidir le hábhair éagsúla, cosúil leis an úsáid a d'fhéadfadh EUInna a bhaint as torthaí tástála antaigíní COVID, an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as stádas vacsaínithe fostaithe agus deimhnithe COVID an AE.

Ciallaíonn forbairt dhinimiciúil phaindéim COVID-19 nach mór do EUInna a bpróisis a oiriúnú go leanúnach. Dá réir sin, rinneamar suirbhé inar fiafraíodh de gach EUI cur síos a dhéanamh ar an gcaoi ar athraigh siad nó ar fhorbair siad oibríochtaí próiseála nua mar thoradh ar COVID-19. San áireamh sa suirbhé bhí ceist faoi oibríochtaí próiseála nua EUInna; uirlisí TF bunaithe ag EUInna nó feabhsaithe chun teilea-obair a chumasú; agus oibríochtaí próiseála nua curtha i bhfeidhm ag EUInna atá i gceannas ar chúraimí a bhaineann le sláinte phoiblí. Cuirfear torthaí an tsuirbhé, arna gcomhroinnt le hoifigigh cosanta sonraí EUInna agus leis an bpobal ina dhiaidh sin, san áireamh nuair a bheidh treoirlínte reatha an MECS á nuashonrú, nó úsáidfear iad nuair a bheidh treoirlínte nua á bhforbairt, ag brath ar fhorbairt na paindéime agus ar na cleachtais nua a bheidh in úsáid nuair a bheidh deireadh leis an bpaindéim.

Bhíomar den tuairim freisin go raibh sé riachtanach seisiúin oiliúna a eagrú maidir le húsáid na meán sóisialta, uirlisí cianoibre agus uirlisí TFC eile a úsáideann EUInna, mar gheall ar an méadú atá tagtha ar an úsáid a bhaintear as na huirlisí sin chun daoine a nascadh go hinmheánach agus leis an spriocphobal i rith COVID-19. Le linn ár seisiún oiliúna,

leagamar béim ar an bpointe gur cheart breithniú a dhéanamh ar na meáin shóisialta agus ar uirlisí físchomhdhála a úsáid cosúil le haon uirlisí TFC eile nuair a bhíonn a n-impleachtaí cosanta sonraí á meas agus nuair a bhítear ag glacadh le bearta oiriúnacha d'fhonn a chinntiú go bhfuil príobháideachas an duine aonair á chosaint. Sheiceáil an MECS comhlíonadh le creat cosanta sonraí an AE sa chomhthéacs seo go rialta.

## 1.3. Maoirseacht a dhéanamh ar an Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais

In 2021, lean an MECS le maoirseacht a dhéanamh ar na comhlachtaí agus ar na gníomhaireachtaí atá páirteach sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (AFSJ), a chlúdaíonn réimsí beartais a chuimsíonn teorainneacha seachtracha an Aontais Eorpaigh a bhainistiú agus comhar breithiúnach in ábhair shibhialta agus choiriúla. Páirteach in AFSJ freisin tá beartais tearmainn agus inimirce, comhar póilíneachta agus an comhrac i gcoinne na coireachta, cosúil le sceimhlitheoireacht; coireacht eagraithe; gáinneáil ar dhaoine; drugaí.

### Maoirseacht a dhéanamh ar Europol

I measc na hoibre suntasaí atá déanta againn sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais, tá ár ngníomhaíochtaí maoirseachta a bhaineann le sonraí pearsanta a bheith á bpróiseáil ag Europol, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí.

Go háirithe, rinneamar maoirseacht ar Europol maidir leis an úsáid atá á baint aici as uirlisí meaisínfhoghlama, maoirseacht a thosaigh ar dtús in 2019. I gcomhréir lenár Straitéis, dhírigh ár gcuid oibre, agus táimid fós ag díriú ar an úsáid a bhaintear as sonraí oibríochtúla don fhorbairt, lena n-áirítear oiliúint, tástáil, bailíochtú, agus úsáid samhlacha meaisínfhoghlama chun críocha eolaíochta sonraí. San áireamh inár gcuid oibre maoirseachta bhí fiosrúchán féintionscnaimh, agus comhairliúchán roimh ré a d'eisíomar i mí Feabhra 2021, rud a bhí mar bhonn lenár dtuairim, ina raibh 21 moladh, ba cheart do Europol a leanúint chun sáruithe féideartha ar Rialachán Europol a sheachaint. Mholamar, go háirithe, go mbunódh Europol creat rialachais inmheánaigh chun a

áirithiú, nuair a bhíonn samhlacha meaisínfhoghlama á bhforbairt, go sainaithníonn Europol na rioscaí do chearta agus saoirsí bunúsacha a bhaineann le húsáid na dteicneolaíochtaí nuálacha sin, fiú más rud é go mb'fhéidir nach mbeadh Europol in ann iad ar fad a mhaolú i gcónaí, ar bhonn na húrscothachta a bhaineann lena leithéid i láthair na huaire. Bhí forbairt agus úsáid samhlacha den sórt sin ar cheann de na hábhair a cuireadh san áireamh i gCigireacht Bhliantúil Europol i mí Mheán Fómhair 2021 freisin. Cuimsíodh sa chigireacht próiseas forbartha uirlisí meaisínfhoghlama Europol agus an próiseas measúnaithe riosca a bhaineann le cosaint sonraí.

Bhain gné thábhachtach eile dár gcuid oibre in 2021 lenár bhfiosrúchán ar thacair sonraí móra a bheith á bpróiseáil ag Europol, fiosrúchán ar cuireadh tús leis in 2019. I mí na Nollag 2021, chinneamar ár gcumhachtaí ceartaitheacha a úsáid trí ordú a eisiúint - a cuireadh in iúl go foirmiúil do Europol ar an 3 Eanáir 2022 - chun sonraí a bhaineann le daoine aonair nach bhfuil aon nasc bunaithe acu le gníomhaíocht choiriúil a scriosadh (Catagóiriú Ábhar Sonraí). Go sonrach, forchuirimid tréimhse choinneála 6 mhí do Europol chun na sonraí pearsanta a scagadh agus a bhaint agus tréimhse 12 mhí chun Cinneadh MECS a chomhlíonadh. Rinneadh an Cinneadh seo tar éis don MECS rabhadh a thabhairt do Europol i mí Mheán Fómhair 2020 i ndáil le leanúint le go leor sonraí a stóráil gan Catagóiriú Ábhar Sonraí, rud a chuireann cearta bunúsacha daoine aonair i mbaol.

## Maoirseacht a dhéanamh ar Eurojust

In 2021, lean an MECS ag obair i ndlúthchomhar leis an OCS agus le baill foirne oibríochtúla eile Eurojust, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil, trí chomhairle neamhfhoirmiúil a chur ar fáil dóibh nuair is gá.

I ndiaidh glacadh leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe, chabhraíomar le mionchoigeartú chaidreamh Eurojust le húdaráis inniúla na Ríochta Aontaithe. Chuir an MECS comhairle ar fáil maidir le ceisteanna praiticiúla cosanta sonraí agus thug sé tuairimí faoi na socruithe oibre idir Eurojust agus Oifig Gnóthaí Baile na Ríochta Aontaithe.

Rinneamar ár gcéad iniúchadh cosanta sonraí ar ghníomhaíochtaí cosanta sonraí Eurojust, a bhí sceidealaithe don bhliain 2020 ar dtús

ach a cuireadh ar athlá mar gheall ar an bpaindéim, i mí Dheireadh Fómhair 2021. Bhí iniúchadh MECS dírithe ar shonraí pearsanta oibríochtúla a bheith á bpróiseáil ag Eurojust agus rinneadh anailís ar aistrithe sonraí i ndáil le caidreamh seachtrach Eurojust; feidhmiú an chláir frithsceimhlitheoireachta agus slándáil sonraí; agus úsáid agus feidhmíocht Chóras Bainistithe Cásanna Eurojust, go háirithe. I ndiaidh don MECS cuairt a thabhairt ar an láthair mar chuid den iniúchadh, chinneamar, tríd is tríd; go raibh comhlíonadh Eurojust leis an gcreat cosanta sonraí sásúil, agus nár tugadh aon saincheisteanna suntasacha comhlíonta faoi deara.

## Maoirseacht a dhéanamh ar OIPE

Tá feidhm le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE), an comhlacht neamhspleách Eorpach a bhfuil sé de chumhacht aige cionta coiriúla i gcoinne leasanna airgeadais an Aontais a imscrúdú agus a ionchúiseamh, ó mhí Meithimh 2021.

Chuige sin, in 2021 bhí ár gcuid oibre agus iarrachtaí dírithe ar thacú le OIPE í féin a bhunú sular thosaigh an Oifig ag feidhmiú. Ar mhaithe le comhoibriú éifeachtach a chinntiú, bhuail Maoirseoir an MECS leis an bPríomh-Ionchúisitheoir Eorpach, Laura Kövesi, Uasal, chun an comhar leanúnach eatarthu faoi láthair agus an comhar a bheidh eatarthu amach anseo a phlé.

## Maoirseacht a dhéanamh ar Frontex

In 2021, thacaíomar freisin le gníomhaíochtaí Frontex, an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann, a chabhraíonn le bainistiú éifeachtach na dteorainneacha Eorpacha.

Sholáthraíomar treoir maidir le gníomhaíochtaí Frontex chun cabhrú le Ballstáit an Aontais Eorpaigh nuair a bhíonn imircigh fhillteacha - nach gcomhlíonann na coinníollacha chun fanacht san Aontas - á gcur ar ais chun a dtír dhúchais. Go háirithe, thugamar comhairle maidir leis na huirlisí teicniúla atá á n-úsáid ag Frontex agus Ballstáit an Aontais sa chomhthéacs sin, agus thugamar comhairle maidir le sonraí pearsanta faoi na himircigh sin a bheith á n-aistriú ag Frontex chuig tíortha nach bhfuil san Aontas.

Tá tuilleadh eolais maidir le hobair MECS sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais, le fáil i gCaibidil 4: Maoirseacht a dhéanamh ar an Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais.

## 1.4. Múnlú Thodhchaí Dhigiteach na hEorpa

Mar atá sonraithe i Straitéis an MECS 2020-2024, is mór againn tionscnaimh ina ndéantar sonraí arna nginiúint san Eoraip a thiontú go luach do chuideachtaí agus do dhaoine aonair Eorpacha, agus a phróiseáiltear i gcomhréir le luachanna Eorpacha, chun todhchaí dhigiteach níos sábháilte a mhúnlú. I measc samplaí eile, atá le fáil i dTuarascáil Bhliantúil 2021, tá fianaise ar ár n-iarrachtaí le fáil sna Tuairimí atá curtha ar fáil againn maidir le tionscnamh reachtóirí an AE a raibh tionchar aige ar chosaint sonraí pearsanta daoine aonair.

### An Ionstraim um Margaí Digiteacha agus an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha

I mí Feabhra 2021, d'fhoilsigh an MECS dhá Thuairim, tuairim amháin faoi Ionstraim um Margaí Digiteacha an AE agus tuairim eile faoi Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha an AE.

D'fháiltíomar roimh thogra d'Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha a bhfuil sé mar aidhm leis timpeallacht ar líne atá trédhearcach agus sábháilte a chur chun cinn. Mholamar bearta breise a chur i bhfeidhm chun cosaint níos fearr a thabhairt do dhaoine aonair maidir le modhnóireacht ábhair, córais fógraíochta spriocdhírithe ar líne agus córais moltaí a úsáideann ardáin ar líne, cosúil leis na meáin shóisialta agus margaí.

Maidir leis an Ionstraim um Margaí Digiteacha, leagamar béim ar an tábhacht a bhaineann le margaí digiteacha iomaíocha a chothú, ionas go mbeidh rogha níos fearr ag daoine aonair i ndáil leis na hardáin agus seirbhísí ar líne ar féidir leo úsáid a bhaint astu.

### Intleacht Shaorga

I mí Meithimh 2021, i dteannta leis an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí (EDPB), d'eisíomar Tuairim Chomhpháirteach maidir le Togra an Choimisiúin Eorpaigh maidir leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga. Agus cearta príobháideachais agus sábháilteacht daoine aonair á gcur

san áireamh againn, lorgaíomar cosc ginearálta ar aon úsáid a bhaintear as intleacht shaorga chun gnéithe daonna a aithint go huathoibríoch i spásanna a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu.

## Straitéis Chibearshlándála an Aontais Eorpaigh

I mí an Mhárta 2021, d'eisíomar Tuairim maidir le Togra reachtóir an Aontais do Threoir NIS 2.0, a bhfuil sé mar aidhm léi teacht in ionad na Treorach atá ann cheana maidir le slándáil na gcóras gréasáin agus faisnéise (NIS) agus a áirítear mar chuid de Straitéis Chibearshlándála an Aontais Eorpaigh. Inár dTuairim uainn, chuireamar in iúl go bhfuil sé riachtanach príobháideachas agus cosaint sonraí a leabú sa Treoir atá beartaithe agus i ngach tionscnamh a eascróidh as Straitéis Chibearshlándála an Aontais amach anseo. Ceadóidh sé sin úsáid a bhaint as cur chuige iomlánaíoch nuair a bhíonn rioscaí cibearshlándála á mbainistiú agus sonraí pearsanta daoine aonair á gcosaint.

## Deimhniú Digiteach COVID an Aontais

I mí Aibreáin 2021, i dteannta le EDPB, ghlacamar le Tuairim Chomhpháirteach maidir leis na Tograí le haghaidh Deimhniú Digiteach COVID an Aontais. Is é an aidhm atá le Deimhniú Digiteach COVID an Aontais feidhmiú an chirt chun saorghluaiseachta laistigh den Aontas i rith phaindéim COVID-19 a éascú trí chreat comhchoiteann a bhunú chun deimhnithe idir-inoibritheacha vacsaínithe, tástála agus téarnaimh COVID-19 a eisiúint, a fhíorú agus a ghlacadh.

Leis an Tuairim Chomhpháirteach seo, d'iarramar ar na comhreachtóirí a áirithiú go bhfuil Deimhniú Digiteach COVID an Aontais ag teacht go hiomlán le reachtaíocht an Aontais maidir le sonraí pearsanta a chosaint. Cuireadh in iúl inár dTuairim Chomhpháirteach, nach féidir le húsáid Dheimhniú Digiteach COVID an Aontais a bheith mar bhonn, ar shlí ar bith, le hidirdhealú díreach nó indíreach daoine aonair, agus nach mór go mbeadh úsáid na Treorach ag teacht go hiomlán leis na prionsabail seo a leanas - riachtanas, comhréireacht agus éifeachtach.

1.5.

## Méadú ar chomhairliúcháin reachtacha

Ó tháinig an rialachán maidir le cosaint sonraí le haghaidh EUInna i bhfeidhm, Rialachán (AE) 2018/1725, tá méadú suntasach tagtha ar líon na gcomhairliúchán reachtach.

In 2021, d'fhreagair an MECS 88 Comhairliúchán Reachtach Foirmiúil, i gcomparáid le 27 comhairliúchán in 2020. I measc an 88 comhairliúchán reachtach tá 12 Thuairim agus 76 Barúil Fhoirmiúil, le cois 5 Thuairim Chomhpháirteacha arna n-eisiúint le EDPB.

Is féidir an méadú suntasach seo a mhíniú bunaithe ar roinnt fachtóirí.

Tá líon níos mó tionscnamh reachtach ann ina bhfuil forálacha a bhfuil tionchar acu ar chearta agus saoirsí daoine aonair a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil. Dá bhrí sin, tá níos mó institiúidí agus eagraíochtaí AE tar éis teagmháil a dhéanamh leis an MECS chun comhairliúchán reachtach a lorg.

Chomh maith leis sin, baineann an méadú seo le ról comhairleach neartaithe an MECS faoi airteagal 42 de Rialachán (AE) 2018/1725, lena mbunaítear oibleagáid dhearfach shoiléir ar an gCoimisiún Eorpach dul i gcomhairle linn maidir le tograí reachtacha agus tograí eile a bhfuil tionchar acu ar chearta agus ar shaoirsí daoine aonair a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta.

I measc nithe eile, tá méadú ag teacht ar fheasacht ar shaincheisteanna cosanta sonraí laistigh de ranna an Choimisiúin Eorpaigh. Is é is cúis leis an ardú feasachta sin an obair for-rochtana atá curtha i gcrích ag an MECS, agus na soiléirithe a rinne an Coimisiún Eorpach go hinmheánach.

In 2021, eisíodh sraith de Thuairimí suntasacha ón MECS maidir le trí théama go háirithe: ardáin dhigiteacha, seirbhísí airgeadais agus ceartas agus gnóthaí baile.

Áirítear inár dTuairimí Comhpháirteacha le EDPB na hábhair seo a leanas, mar shampla, Intleacht Shaorga, Deimhniú Digiteach COVID an Aontais, Clásail Chonarthacha Chaighdeánacha.

Baineann ár bPríomhbharúlacha Foirmiúla a eisíodh in 2021, i measc nithe eile, le Ceartas agus Gnóthaí Baile agus le Pacáiste Aontas Sláinte na hEorpa.

Tá tuilleadh eolais maidir le Comhairliúchán Reachtach an MECS don bhliain 2021, le fáil i gCaibidil 6: Comhairliúcháin Reachtacha.

## 1.6. Pléadálacha os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh

I rith 2021, ghlac EDPS páirt i gceithre héisteacht os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) maidir le hábhair éagsúla. Tá ár n-idirghabhálacha i gcásanna atá ar feitheamh os comhair CBAE ar cheann de na bealaí inláimhsithe a bhfuil ár ról comhairleach á chomhlíonadh againn. Inár gcuid idirghabhálacha, is féidir linn aird a tharraingt ar shaincheisteanna sonracha cosanta sonraí lena áirithiú go bhfuil cearta bunúsacha daoine aonair chun príobháideachais agus cosanta sonraí á n-urramú.

### Taifid Ainmneacha Paisinéirí

I mí Iúil 2021, d'fhreagair an MECS ceisteanna i scríbhinn ó CBAE agus ghlac sé páirt in éisteacht ó bhéal i gcás a bhaineann le bailíocht agus léirmhíniú Threoir AE 2016/681 maidir le húsáid sonraí taifead ainmneacha paisinéirí (PNR) - ina n-áirítear sonraí áirithinte paisinéirí nuair a bhíonn siad ag taisteal - chun cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh (Cás C-817/19).

Mhaígh an t-éilitheoir a bhí os comhair Chúirt Bhunreachtúil na Beilge, a d'atreoraigh an cás, Ligue des droits humains - eagraíocht neamhrialtasach de chuid na Beilge - gur chuir Dlí PNR na Beilge, lenar trasuíodh an Treoir PNR, isteach go neamhdhleathach ar cheart daoine aonair chun príobháideachais agus ar an gceart go ndéanfaí a sonraí pearsanta a chosaint. Mheas an t-éilitheoir, go háirithe, nach raibh na hoibríochtaí próiseála a bhaineann le sonraí daoine aonair riachtanach agus comhréireach i bhfianaise na gcritéar a leagtar amach sa dlí maidir le cosaint sonraí.

Le linn na héisteachta, leag an MECS béim ar an ngá atá le coimircí éifeachtacha chun na rioscaí a eascraíonn as próiseáil sonraí PNR a mhaolú, agus nádúr mórscála, córasach agus ionsáite na sonraí sin á chur san áireamh. Chuir MECS in iúl freisin go raibh amhras air faoi chomhoiriúnacht phróiseáil sonraí PNR ó eitiltí laistigh den AE agus ó mhodhanna iompair phoiblí trasteorann eile laistigh den AE leis na Conarthaí agus le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

## Coinneáil sonraí

I mí Mheán Fómhair 2021, ghlac an MECS páirt in dhá éisteacht de chuid CBAE i gcásanna a bhaineann le coinneáil sonraí.

Dhírigh an chéad éisteacht ar chomhoiriúnacht dhlíthe na Gearmáine agus na hÉireann maidir le sonraí pearsanta a choinneáil chun críocha fhorfheidhmiú an dlí le hAirteagal 15 den Treoir maidir le r-phríobháideachas, lena rialaítear srianta ar chearta daoine aonair chun príobháideachais agus chun sonraí pearsanta a chosaint i gcumarsáid leictreonach (C-793/19, C-794/19 agus C-140/20).

Le linn na héisteachta, d'athdhearbhaigh an MECS go bhféadfaí reachtaíocht shoiléir agus bheacht a bheartú ina bhforálfaí do chóras teoranta ach éifeachtach maidir le coinneáil agus rochtain ar shonraí tráchta agus suímh cumarsáide leictreonaí, lena n-áirítear sonraí na n-úsáideoirí nach bhfuil aon bhaint oibiachtúil acu, ar an gcéad amharc, leis an gcuspóir atá á shaothrú, ar bhealach atá comhoiriúnach le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, agus nár cheart coinneáil sonraí stóráilte agus rochtain orthu a mheas mar shonraí atá scoite amach go doshéanta óna chéile.

Bhain an dara héisteacht le dhá chás de chuid na Fraince a bhain le húsáid a bhaint as coinneáil sonraí chun imscrúdú a dhéanamh ar dhéileálacha cos istigh agus ar chúbláil mhargaidh faoi Threoir an AE maidir le Drochúsáid Mhargaidh agus faoi Rialachán an AE maidir le Drochúsáid Mhargaidh (C-339/20 agus C-397/20). Ceann de na saincheisteanna a bhí i gceist ba ea an gceadaíonn nó nach gceadaíonn an reachtaíocht seo don reachtóir náisiúnta coinneáil sonraí ginearálta a cheangal chun cur ar chumas údarás inniúil na sonraí seo a rochtain nuair a bhíonn imscrúdú á dhéanamh ar dhéileálacha cos istigh agus ar chúbláil margaidh.

Ag an éisteacht, bhí an MECS den tuairim nach raibh sé mar aidhm leis na forálacha seo bunús dlí maidir le coinneáil sonraí a bhunú.

### Frithsciúradh airgid

I mí Dheireadh Fómhair 2021, ghlac an MECS páirt in éisteacht CBAE i gcás a bhain le Treoir AE 2018/843 maidir le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc (C-601/20). Díríodh go sonrach san éisteacht ar conas na forálacha ábhartha den Treoir AE seo a léirmhíniú maidir le córas rochtana an phobail ar fhaisnéis i ndáil le húinéireacht thairbhiúil agus cibé acu an gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann an léirmhíniú seo Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí.

I gcomhréir lenár dTuairim maidir le frithsciúradh airgid a foilsíodh i mí Mheán Fómhair 2021, d'áitíomar nach bhfuil gá le agus nach bhfuil sé comhréireach rochtain ghinearálta an phobail ar fhaarisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil a cheadú, mar atá sonraithe sa Treoir.

## 1.7.
# Tionscnamh nua, TechSonar

Ceann d'éachtaí an MECS sa bhliain 2021 gur lainseáladh tionscnamh nua, TechSonar, i mí Mheán Fómhair.

Trínár dtuarascáil TechSonar, tá sé mar aidhm againn treochtaí teicneolaíochta atá ag teacht chun cinn a réamh-mheas chun tuiscint níos fearr a fháil ar na forbairtí a dhéanfar amach anseo, go háirithe na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith acu ar chosaint sonraí agus ar phríobháideachas daoine aonair.

Bunaíodh an tionscnamh nua seo i ndiaidh roinnt machnaimh a dhéanamh laistigh den MECS. Chuir paindéim COVID-19, i measc tosca eile, dlús leis an athrú teicneolaíoch, agus tá teicneolaíochtaí agus uirlisí nua forbartha. Go minic, ní bhíonn na príomhúsáidí cearta a bheidh ag na teicneolaíochtaí seo ar eolas againn go dtí go mbíonn siad curtha i bhfeidhm i gcomhthéacsanna sonracha. Go dtí go dtarlaíonn sé sin ní bhíonn ar ár gcumas an luach agus na rioscaí don tsochaí a d'fhéadfadh a bheith luaite leis na teicneolaíochtaí seo a thuiscint. Chuige sin, creideann an MECS go láidir gur gá gníomhú roimh ré, rud a chiallaíonn, seachas freagairt do theicneolaíochtaí nua nuair atá a mbreisluach agus rioscaí don tsochaí forbartha, gur cheart go mbeimis in ann na forbairtí sin a mheas roimh ré. Chuirfeadh sé sin ar ár gcumas a áirithiú

go bhforbraítear na teicneolaíochtaí sin, ó na céimeanna forbartha is luaithe, de réir chearta bunúsacha an duine aonair, lena n-áirítear an ceart chun príobháideachais agus cosanta sonraí.

I bhfianaise an méid sin, is próiseas é TechSonar a bhfuil sé mar aidhm leis an MECS a chumhachtú chun anailís leanúnach a dhéanamh ar réimse na teicneolaíochta agus é mar aidhm leis treochtaí teicneolaíochta a roghnú atá arna réamh-mheas againn don bhliain dár gcionn.

Trí úsáid a bhaint as Tech Sonar, táimid in ann, agus leanfaimid ar aghaidh, ag déanamh cinntí maidir leis na teicneolaíochtaí ar fiú faireachán a dhéanamh orthu sa lá inniu ann ionas go mbeimid ullmhaithe le haghaidh todhchaí dhigiteach níos inbhuanaithe ina mbeidh cosaint sonraí pearsanta á ráthú go héifeachtúil.

Inár gcéad tuarascáil TechSonar in 2021, chinn ár bhfoireann saineolaithe inmheánacha scrúdú a dhéanamh ar na sé threochtaí teicneolaíochta réamh-mheasta seo a leanas: Deimhnithe vacsaínithe cliste; Sonraí sintéiseacha; Airgeadra digiteach bainc ceannais; Teicneolaíocht Just walk out; Fíordheimhniú leanúnach bithmhéadrach; Teiripic dhigiteach.

Tá tuilleadh eolais faoi TechSonar agus obair an MECS i réimse na teicneolaíochta agus na príobháideachais le fáil i gCaibidil 5: Teicneolaíocht agus Príobháideachas.

## 1.8.
## Acmhainní Daonna, Buiséad agus Riarachán

I rith 2021, sholáthair Aonad um Acmhainní Daonna, Buiséad agus Riarachán (HRBA) an MECS tacaíocht d’fhoirne Bainistíochta agus Oibríochtúla an MECS. Is é an aidhm atá ann a áirithiú go bhfuil acmhainní agus uirlisí airgeadais, daonna agus riaracháin leordhóthanacha acu chun na cuspóirí atá sonraithe i Straitéis an MECS 2020-2024 a chomhlíonadh.

### Paindéim COVID-19 a bhainistiú

I measc na hoibre agus na dtionscnamh a rinneadh in 2021, d’fhorbair aonad HRBA straitéis inmheánach chun filleadh de réir a chéile agus go sábháilte ar áitreabh an MECS, i gcomhréir le bearta COVID-19 na Beilge

agus leis na bearta ar ghlac EUInna eile leo. Chuige sin, phleanáil HRBA an filleadh ar oifigí an MECS ar bhonn céimnithe i rith na paindéime, agus bunaíodh socruithe oibre agus rialacha sláinte agus sábháilteachta sonracha.

### Folláine san áit oibre

Mar eagraíocht, táimid dírithe ar thionchar dearfach a bheith againn inár sochaí. Ceann dár gcroíluachanna é caitheamh le daoine aonair, ár bhfoireann san áireamh, le meas. Chun timpeallacht oibre atá dearfach, measúil agus sábháilte a chruthú, lean HRBA le roinnt tionscnamh, ar cuireadh tús leo cheana féin in 2021, d'fhonn leibhéil arda folláine san áit oibre a áirithiú i measc fhoireann an MECS, trí oibriú i ndlúthchomhar le Comhordaitheoir Folláine an MECS.

### Saineolaithe ar chosaint sonraí a earcú

Ceann de na tosaíochtaí atá sonraithe i Straitéis an MECS 2020-2024 infheistíocht a dhéanamh i mbainistíocht eolais chun ár gcuid oibre a dhéanamh ag an gcaighdeán is airde is féidir agus chun foireann oibre atá éagsúil, idirdhisciplíneach agus cumasach a earcú. Dá réir sin, in 2021, bhí ár gcuid iarrachtaí dírithe ar shaineolaithe ar chosaint sonraí a earcú chun freastal ar riachtanais an MECS.

### Ár ndálaí oibre a oiriúnú

D'éiligh na hathruithe inár dtimpeallacht oibre mar thoradh ar an bpaindéim agus ar chóras teilea-oibre lánaimseartha go ndéanfaí dianmhachnamh ar ár ndálaí oibre a oiriúnú. Mheasamar go raibh am oibre, obair hibrideach agus teilea-obair ó thar lear le cur san áireamh. Chuir aonad HRBA tús leis an bpróiseas machnaimh sin agus beidh rialacha nua á mholadh aige, a bheidh á bplé agus á gcomhaontú ag ár gcoiste foirne. Is é an aidhm atá ann glacadh leis na rialacha sin faoi lár na bliana 2022.

### Ag féachaint chun cinn: Áras Cosanta Sonraí na hEorpa a chruthú

Ní raibh san áitreabh reatha sa Bhruiséil ach an MECS agus EDPB i ndiaidh don Ombudsman Eorpach an t-áitreabh a fhágáil ag deireadh Dheireadh Fómhair 2021. Réitigh sé sin an bealach dúinn chun tús a chur lenár n-áitreabh a chruthú agus a bhunú mar "Áras Cosanta Sonraí na hEorpa", agus é mar aidhm againn a bheith ag feidhmiú mar mhol

príobháideachais agus cosanta sonraí an AE sa Bhruiséil. Cuireadh tús leis an tionscadal seo in 2021 agus leanfar leis an obair i rith 2022.

Tá tuilleadh eolais le fáil i gCaibidil 12: Acmhainní Daonna, Buiséad agus Riarachán

## 1.9.
## Gníomhaíochtaí Cumarsáide an MECS

Tá méadú ag teacht i gcónaí ar leas poiblí agus i rannpháirtíocht i gcosaint sonraí agus ar obair na n-údarás cosanta sonraí (DPAnna), go háirithe i bhfianaise ról níos lárnaí ná riamh a bheith ag digitiú i saol laethúil daoine aonair. Tá daoine níos eolaí ar a lorg digiteach agus níos imníche faoi anois ná mar a bhí riamh roimhe seo agus tá siad níos airdeallaí freisin ar an tábhacht a bhaineann lena sonraí pearsanta a chosaint. Tá sé mar aidhm ag Earnáil Faisnéise agus Cumarsáide (Earnáil I&C) an MECS a áirithiú, dá réir sin, go dtéann gníomhaíochtaí agus teachtaireachtaí an MECS i bhfeidhm ar an spriocphobal ábhartha ag an am ceart.

Is é ról na hEarnála I&C, atá treisithe i Straitéis an MECS 2020-2024, obair an MECS a mhíniú agus a chur chun cinn. Ciallaíonn sé seo go bhfuilimid tiomanta do shaincheisteanna cosanta sonraí, go háirithe an tionchar a d’fhéadfadh a bheith ag oibríochtaí agus teicneolaíochtaí próiseála ar dhaoine aonair agus ar a sonraí pearsanta, a dhéanamh níos inrochtana do spriocphobal mór trí fhaisnéis maidir le hobair laethúil MECS a chur ar fáil i dteanga shoiléir agus trí uirlisí cumarsáide oiriúnacha.

Chuige sin, in 2021 bhí ár gcuid oibre dírithe ar amharc-aithne an MECS a fhorbairt agus a nuachóiriú. Trí úsáid a bhaint as an aitheantas corparáideach nua, tá sé mar aidhm againn ról an MECS mar cheannaire domhanda maidir le cosaint sonraí agus príobháideachas a léiriú, ní hamháin san AE, ach níos faide ó bhaile, agus ré nua a chomóradh i stair an MECS, a bheidh dírithe níos mó ar thodhchaí dhigiteach níos sábháilte a mhúnlú.

Déantar cuid mhór d’am agus d’iarracht I&C a infheistiú chun gníomhaíochtaí an MECS a chur chun cinn ar ár dtrí chainéal meán sóisialta seanbhunaithe: Twitter, LinkedIn agus YouTube. D’fhéadfaí go n-áireofaí san obair seo feachtais a fhorbairt ar na meáin shóisialta atá dírithe ar théamaí sonracha, rannpháirtíocht an Mhaoirseora ag

imeachtaí tábhachtacha a chur chun cinn, agus tuilleadh. Leanamar le hábhar a tháirgeadh agus a fhoilsiú ar shuíomh an MECS. Áirítear i measc na samplaí Bileoga Eolais, ár Nuachtlitir, atá ag forbairt an t-am ar fad, blagphostálacha ar ábhair éagsúla agus preaseisiúintí an MECS a chur i dtoll a chéile.

Tá tuilleadh eolais le fáil i gCaibidil 11: Gníomhaíochtaí Cumarsáide an MECS

## 1.10. Eochairtháscairí Feidhmíochta

Úsáidimid roinnt eochairtháscairí feidhmíochta (ETFanna) chun cabhrú linn faireachán a dhéanamh ar ár bhfeidhmíocht i bhfianaise na bpríomhchuspóirí atá sonraithe i Straitéis an MECS. Áirithíonn sé sin gur féidir linn ár gcuid gníomhaíochtaí a choigeartú, más gá, chun tionchar ár gcuid oibre a mhéadú agus chun úsáid níos éifeachtaí a bhaint as acmhainní.

Sa scórchlár ETF thíos tá tuairisc achomair ar gach ETF le fáil mar aon leis na torthaí ar an 31 Nollaig 2021. Tomhaistear na torthaí sin i gcomparáid le spriocanna tosaigh, nó torthaí na bliana roimhe sin, torthaí a úsáidtear mar tháscaire. Rinneadh athbhreithniú i bpáirt ar an tacar ETFanna seo ag deireadh 2020, chun a áirithiú go gcuirfear an mhéadracht feidhmíochta in oiriúint d'fhorbairtí i ngníomhaíochtaí an MECS.

In 2021, chomhlíonamar na spriocanna - go suntasach i gcásanna áirithe - atá sonraithe in ocht ETF as 9 ETF, agus ní raibh ach ETF amháin, KPI8 maidir leis an ráta áitíochta ar an bplean bunaíochta, faoin sprioc a sonraíodh.

Léirítear go soiléir sna torthaí sin an toradh dearfach a bhain le cur chun feidhme ár gcuspóirí straitéiseacha i rith na bliana, ainneoin na timpeallachta dúshlánaí ina raibh an MECS ag feidhmiú i gcomhthéacs Phaindéim COVID-19.

| EOCHAIRTHÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA | | Torthaí 31.12.2021 | Sprioc 2021 |
|---|---|---|---|
| ETF 1<br>Táscaire inmheánach | An líon tionscnamh, lena n-áirítear foilseacháin, maidir le faireachán teicneolaíochta agus tacú le teicneolaíochtaí chun príobháideachas agus cosaint sonraí eagraithe nó comheagraithe ag MECS a fheabhsú | 16 thionscnamh | 10 thionscnamh |
| ETF 2<br>Táscaire Inmheánach & Seachtrach | An líon gníomhaíochtaí atá dírithe ar réitigh bheartais trasdisciplíneacha (inmheánacha & seachtracha) | 8 ngníomhaíocht | 8 ngníomhaíocht |
| ETF 3<br>Táscaire Inmheánach | Líon na gcásanna ar déileáladh leo i gcomhthéacs an chomhair idirnáisiúnta (GPA, CoE, ECFE, GPEN, Comhdháil Earraigh, eagraíochtaí idirnáisiúnta) ar sholáthair an MECS rannchuidiú suntasach i scríbhinn lena n-aghaidh | 17 gcás | 5 chás |
| ETF 4<br>Táscaire Seachtrach | Líon na gcomhad ar ghníomhaigh an MECS mar phríomhrapóirtéir, mar rapóirtéir, nó mar bhall den fhoireann dréachtaithe lena n-aghaidh i gcomhthéacs an EDPB | 23 cás | 5 chás |
| ETF 5<br>Táscaire Seachtrach | Líon na dtuairimí faoi Airteagal 42 agus líon na dtuairimí comhpháirteacha ón MECS-EDPB eisithe mar fhreagairt d’iarrataí ar chomhairliúchán reachtach an Choimisiúin Eorpaigh | 17 | An bhliain roimhe sin mar thagarmharc |

| | | | |
|---|---|---|---|
| ETF 6<br>Táscaire<br>Seachtrach | Líon na n-iniúchtaí/na gcuairteanna a rinneadh go fisiciúil nó go cianda | 4 hiniúchadh<br>+1 chuairt<br><br>Tionchar ar<br>43 EUI | 3 hiniúchadh/<br>chuairt dhifriúla<br>Tionchar ar 30<br>EUI |
| ETF 7<br>Táscaire<br>Seachtrach | Líon leantóirí chuntais mheán sóisialta an MECS | Twitter:<br>25 826<br>LinkedIn:<br>49 575<br>YouTube:<br>2 438 | Torthaí na<br>bliana roimhe<br>sin +10% |
| EFT 8<br>Táscaire<br>Inmheánach | Ráta áitíochta an phlean bunaíochta | 88% | 90% |
| EFT 9<br>Táscaire<br>Inmheánach | Cur chun feidhme an bhuiséid | 86,12% | 80% |

# TEAGMHÁIL A DHÉANAMH LEIS AN AE

## I bpearsa

Tá na céadta ionad faisnéise Europe Direct suite ar fud an Aontais Eorpaigh. Is féidir leat seoladh an ionaid is gaire duit a fháil ag: https://europa.eu/european-union/contact_ga

## Ar an teileafón nó trí ríomhphost

Seirbhís a fhreagraíonn na ceisteanna atá agat faoin Aontas Eorpach is ea Europe Direct. Sonraí teagmhála na seirbhíse:

- saorghlao: 00 800 6 7 8 9 10 11 (d'fhéadfadh oibreoirí áirithe táille a ghearradh le haghaidh na nglaonna seo),
- tríd an uimhir chaighdeánach seo a leanas: +32 22999696 nó
- trí ríomhphost a sheoladh chuig: https://europa.eu/european-union/contact_ga

## Faisnéis faoin AE a aimsiú

### Ar líne

Tá faisnéis faoin Aontas Eorpach ar fáil i ngach teanga oifigiúil de chuid an Aontais ar shuíomh gréasáin Europa ag: https://europa.eu/european-union/index_ga

### Foilseacháin an Aontais Eorpaigh

Is féidir leat foilseacháin an Aontais Eorpach a íoslódáil nó a ordú saor in aisce nó le haghaidh táille ag: https://publications.europa.eu/ga/publications

Is féidir roinnt cóipeanna d'fhoilseacháin saor in aisce a fháil trí theagmháil a dhéanamh le Europe Direct nó leis an ionad faisnéise is gaire duit (féach https://europa.eu/european-union/contact_ga).

### Dlí an Aontais Eorpaigh agus doiciméid ghaolmhara

Chun rochtain a fháil ar fhaisnéis dhlíthiúil ón AE, lena n-áirítear dlí uile an AE ón mbliain 1952, i ngach teanga oifigiúil, téigh chuig EUR-Lex ag: http://eur-lex.europa.eu

### Sonraí oscailte ón Aontas Eorpach

Soláthraítear rochtain ar thacair sonraí ón AE ar Thairseach Sonraí Oscailte an Aontais Eorpaigh (http://data.europa.eu/euodp/ga). Is féidir sonraí a íoslódáil agus a athúsáid saor in aisce, chun críocha tráchtála agus neamhthráchtála araon.

Twitter: @EU_EDPS

LinkedIn: EDPS

YouTube: European Data Protection Supervisor

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh

EDPS